

Laoch Spóirt



Buíochas le Sportsfile

NÁ BÍMIS AG
SÚIL GO
gCÍFIMIS A
LEITHÉID ARÍS

Rena Buckley

Le Liam de Lása

Chaitheas deireadh seachtaine le déanaí ag cuardach na cartlainne ar sheinnteoir TG4. Bhí meascán d'ábhair shaibhre fhiúntacha fé cheilt in áiteanna ar an suíomh arbh fhiú go mór féachaint orthu. Thánga ar bhailiúchán d'agallaimh a taifeadadh siar sna 80í leis an bpobal deireanach a mhair ar an mBlascaod Mór atá suite cúpla míle siar ó Dhún Chaoin i leithinis Chorca Dhuibhne. Bhíos searaithe amach ar mo shástacht ar an tolg ag éisteacht le daoine ar leith ag eachtraí dom faoin saol mar a bhíodh sé i gceann dos na háiteanna is áille ar domhan.

Tugadh cur síos maoithneach dúinn ar an lá a tréigeadh an t-oileán sa bhliain 1953. D'fhágadar slán le saol agus le cultúr nach gcifí go deo arís. Meabhraíodh dom nach bhfuil aon dul siar ar an saol seo. Casann agus casfaidh an roth go deimhin. Bhíos díreach tosnaithe ar scéal Rena Buckley a riaradh an mhaidin dár gcionn nuair a rith sé liom gur dóichí ná a mhalairt nach mbeidh a leithéid d'imreoir spóirt ar thalamh na hÉireann againn go brách arís ach an oiread.

Tugadh Rena isteach ar phainéal sinsir Chorcaí sa bhliain 2003 tráth ina raibh oidhreacht láidir chamógaíochta amháin sa chontae ag síneadh siar 69 bliain nuair a thugadar Corn Uí Dúbhthaigh leo den chéad uair. Tháinig borradh as cuimse ar Pheil na mBan ar fud na tíre idir an dá linn ach ba iad na reibiliúnaithe ba mhó a d'fhág a rian ar na leabhair staire gan oiread is craobh amháin buaite acu go dtí 2005.

Barr an tsléibhe

Seasann Buckley agus a comrádaí dílis Briega Corkery ar bharr sléibhe na ngradam le 18 mbonn uile-Éireann an duine acu ó shin. Bhuaigh Rena 11 bhonn leis an gcamán agus 7 mbonn sa pheil le linn tréimhse stairiúil do spóirt na mban cois Laoi idir 2004 agus 2017. Is í an t-aon imreoir CLG í a bhuaigh an chraobh sa dá chód mar chaptaen gan aon chuma ar an scéal go sárófar an t-éacht sa todhchaí.

Dá mbainfí a leithéid amach i bhfad siar sna blianta, bheimis ag caint air fós cinnte, ach d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go raibh saol an imreora ní ba bhoige roimh chasadh na mílaoise mar shampla. Glacadh le rud amháin gan aon mhór-argóint ón tréimhse san ar aghaidh, nárbh fhéidir cúraimí an dá spóirt a shásamh anuas ar nósanna maireachtála a bhí ag éirí níos broidiúla ná riamh. Níor thug Rena Buckley aon cheann don díospóireacht san agus chreid sí riamh go bhféadfaí an dá gheansaí a chaitheamh ach fonn a bheith go heireaball ionat.

Níos tábhachtaí ná riamh

Do shíolraigh cuid mhór den díospóireacht faoi stádas na mban ar an bpáirc imeartha ó ghaiscí ceannródaíochta Buckley idir na línte bána. Aithníodh agus aithnítear fós na dúshláin dhamanta a bhaineann le cailíní óga a choimeád ag imirt. Is casta saol dhéagóir an lae inniu ná riamh. Creidimise go láidir sa mhéid sin.

Táid plúchta ag ábhair a chruthaíonn íomhánna bréagacha ina n-aighe. Ábhair a mheallann i dtreonna contúirteacha iad agus níl aon éalú ón sciorradh talún laethúil a thagann anuas orthu gach aon lá den saol. D'éagmais laochra ar nós Rena Buckley, a thugann fíis agus misneach do mhná óga, chaillfí na cathanna luachmhara i scoileanna agus páirceanna ar fud na tíre.



Buíochas le Sportsfile

Nuair a chuala ar dtús go raibh Rena tar éis éirí as an imirt eadar-chontae i 2017, bhraitheas nach gcífimis a macasamhail arís. Amhail muintir dheireanach an Bhlascaoid ag imeacht fé dhéin na míntíre uair amháin eile, bhí deireadh tagtha le ré nach mbeidh againn arís.

Caolseans gur thuig an pobal croíbhriste úd an lorg a d'fhágfaidís ar an saol a bhí le teacht. Beidh tionchar cumhachtach ag Rena Buckley ar mhná óga na hÉireann i bhfad i ndiaidh di na buataisí a chrochadh in airde chomh maith ach ná bímis ag súil go gcífimis a leithéid arís.

Leithinis - Peninsula
Bailiúchán - Collection
Searaithe - Stretched
Maoithneach - Emotional
Borrhadh - Growth
Reibiliúnaithe - Rebels

Casadh na mílaoise - Turn of the millennium
Nósanna maireachtála - Living habits
Eireaball - Tail
Sciorradh talún - Landslide
Macasamhail - Counterpart/Equal
Caolseans - Slim chance

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focał

H	L	A	O	M	C	A	H	E	N	S	A	A	R
C	T	G	B	I	Y	N	D	A	A	C	C	B	L
A	N	A	I	S	E	N	A	N	H	E	L	A	C
E	N	L	M	N	L	A	R	N	M	N	O	A	D
N	E	G	U	E	K	H	R	D	O	Y	O	I	E
H	A	S	I	A	C	T	O	B	D	L	N	P	D
T	T	I	N	C	U	A	B	U	S	A	O	C	B
I	P	N	T	H	B	C	S	E	R	B	A	S	L
O	A	I	I	A	E	R	A	A	A	S	M	Y	I
A	C	H	R	D	I	N	N	L	N	D	I	M	A
M	I	T	C	N	S	N	R	O	C	N	E	B	I
C	R	I	H	H	M	A	L	L	A	G	A	S	N
Y	C	E	O	N	D	O	A	C	S	A	L	B	L
R	A	L	N	I	S	C	I	O	R	R	A	D	H

CATHANNA
CASANN
LEITHINIS
CORN
POBAL
BLASCAOD
CAPTAEN
BLIAIN
CAOLSEANS
BORRADH
MUINTIR
SCIORRADH
MISNEACH
AGALLAMH
MAOITHNEACH
LAG
BUCKLEY
DOMHAN